

Ponc: Réamhobair

A Pléigh na ceistanna thíos le do pháirtí ranga.

- An bhfuil aon chaitheamh aimsire agat?
- An mbíonn mórán ama agat do chaithimh aimsire na laethanta seo?
- An gcaitheann tú mórán ama ag baint úsáide as na meáin shóisialta?

B Meaitseáil an focal leis an mbrí atá leis.

taitníonn rothaíocht liom	→	<i>a waste of time</i>
cur amú ama		<i>I love</i>
an caitheamh aimsire is fearr liom		<i>I enjoy cycling</i>
téim ag seoltóireacht		<i>I gave it up</i>
is aoibhinn liom		<i>I don't have much time</i>
d'éirigh mé as		<i>my favourite past-time</i>
is annamh		<i>seldom</i>
níl mórán ama agam		<i>I go sailing</i>

C Líon na bearnaí.

1. Is é an tsiúlóid _____, tríd is tríd.
2. Is fuath liom an phictiúrlann ach _____ féachaint ar scannáin sa bhaile.
3. _____ agus téim ar thurais rothaíochta ar a laghad uair sa mhí.
4. Is breá liom spóirt uisce agus _____ go minic.
5. Faraor, _____ dó mar gheall ar an staidéar, ach is breá liom surfáil.
6. Bhí mé i mbanna ceoil ag an scoil ach _____ toisc go bhfuil orm díriú ar na scrúduithe i mbliana.
7. Ceapaim gur _____ iad na meáin shóisialta – bíonn mo chuid cairde greamaithe dá scáileáin an t-am ar fad.
8. Bhí an aimsir iontach an samhradh seo caite agus chaith mé a lán ama amuigh faoin aer – an rud _____, is iontach!



Ponc: Mír a hAon

A Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.**1. Cén caitheamh aimsire atá faoi chaibidil sa mhír seo?**

- Scuaise
- Leadóg
- Cluiche corr
- Liathróid láimhe

2. Cén aois a bhí ag Cianna nuair a thosaigh sí ar an gcaitheamh aimsire seo?

- Deich mbliana d'aois
- Ocht mbliana d'aois
- Sé bliana d'aois

3. Céard a dhéanann Cianna mar chuid den traenáil?

- Leanann sí aiste bia ar leith
- Déanann sí an-chuid oibre
- Téann sí ag traenáil ceithre lá sa tseachtain

4. Céard a deir Cianna faoi na cluichí ceannais domhanda i Meiriceá?

- Ba bhreá léi páirt a ghlacadh iontu
- Bíonn na cluichí ar siúl gach corrbhliain
- Tá eagla uirthi dul ann ar an eitleán

B Pléigh na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.

- An imríonn tú spórt ar bith?
- Cén spórt is fearr leat?
- Cé mhéad ama a chaitheann tú i mbun aclaíochta i rith na seachtaine?
- An bhféachann tú ar spórt ar an teilifís?
- An imríonn tú spórt ag an scoil?

Nótaí



Ponc: Mír a Dó

A Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.**1. Cén post atá ag Marcus?**

- Is teagascóir i gColáiste UISCE é
- Is traenálaí le foireann seoltóireachta Oilimpeach na hÉireann é
- Is múinteoir é

2. Cé na himeachtaí atá ar fáil i gColáiste UISCE?

- *Marcaíocht toinne
- Ranganna snámha
- Seoltóireacht
- Clárscátáil

3. Cé acu seo nach mbeidh ar Cholmán a dhéanamh?

- An bád a stiúradh
- An seol a chrochadh
- An bád a chur ina cheart má iompaíonn sé san uisce

4. Cén fáth a bhfuil ar Cholmán agus ar Máire Treasa dul ar an ordóg?

- Níl carr acu
- Tá an carr pairceáilte rófhada ón gcoláiste
- Chaill Máire Treasa eochracha an chairr
- Tá dearmad déanta ag Colmán ar an áit ar fhág sé an carr

B Pléigh na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.

- An dtaitníonn spóirt uisce leat?
- An mbíonn deis agat páirt a ghlacadh i spóirt uisce ar bhonn rialta?
- An bhfuil contúirtí ag baint le spóirt uisce?

Nótaí



Ponc: Mír a Trí

A Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.

1. **Cén fáth ar chuir Katie spéis i gcarranna an chéad lá riamh? [dhá fhreagra]**
 - Bhí garáiste ag a hathair
 - Theastaigh carr uaithi don scoil
 - Bhí sí ag iarraidh rud le déanamh ar an deireadh seachtaine
 - Bhí spéis ag a deartháir ann
2. **Céard atá speisialta faoi BMW Katie?**
 - An t-ineall
 - Is eagrán teoranta atá ann
 - An dath
3. **Fíor nó bréagach: D'fhéadfadh carr Katie dul suas go 195 míle in aghaidh na huaire.**
 - Fíor
 - Bréagach
4. **Céard é an t-aon rud diúltach faoin gcarr, dar le Katie?**
 - Caitheann sí a lán airgid ar bhreosla
 - Ba bhreá léi níos mó airgid a chaitheamh air ach níl sé d'achmhainn aici faoi láthair
 - Tá costas ollmhór ar pháirteanna BMW
5. **Céard atá speisialta faoin Porche atá ag athair Katie?**
 - Tá sí níos lú ná VW Beetle
 - Níor eisíodh ach trí Porche mar é i 1982
 - Tá seacht ngiar inti

B Pléigh na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.

1. An bhfuil tiomáint agat?
2. An gceapann tú go bhfuil fadhb ann le spraoithiomáint i measc daoine óga?
3. An bhfuil saoirse ag baint le bheith ag tiomáint?
4. Céard iad na constaicí is mó atá ann do dhaoine óga agus iad ag iarraidh dul ag tiomáint?

Nótaí